



Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0385(COD)

6167/24
ADD 1

CODEC 294
EF 33
ECOFIN 124

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ar theacht chun cinn teilitéipeanna comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíocht a fháil i leith sreabhadh orduithe (an chéad lámh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráiteas

Ráiteas ó Phoblacht na Seice

Thacaigh Poblacht na Seice riamh le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt a thuilleadh agus i ndáil leis sin, chuir sí muinín, i measc nithe eile, san athbhreithniú ar na rialacha maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais. Fíoraíodh, go pointe, an aisling a bhí againn. Mar shampla, leis an gcomhréiteach críochnaitheach tugadh isteach teilitéip chomhdhlúite lena ndéantar cosaint ar ionaid trádála níos lú. Thairis sin, tá roinnt feabhsuithe tugtha isteach lena maolaítear an t-ualach riaracháin iomarcach a bhí ar rannpháirtithe sa mhargadh, ualach nach raibh údar leis. Is mór againn na leasuithe sin.

Ar an lámh eile, is é an tuairim atá againn nach bhfuil an comhréiteach críochnaitheach comhréireach go leor a mhéid a bhaineann le trédhearcacht mhargadh na mbannaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le teorannú trádála agus liostú bannaí corparáideacha ar mhargaí nach bhfuil chomh leachtach céanna. Sa chomhthéacs sin, chuir Poblacht na Seice in iúl go raibh an-ímní uirthi agus sonraí maidir lena margadh bannaí mar bhonn don ímní sin, agus chuir sí fainic faoin rialáil iomarcach.

Mar sin féin, níor tugadh aon aird ar an imní sin ná ar an bhfainic sin. Is ar leibhéal I a socraíodh struchtúr iomlán na-iarchur sin ar iarrchuir gearr go leor iad, rud nach dtugann an tsolúbthacht is gá do ESMA chun iarrchuir a choigeartú, má tharlaíonn an méid a bhfuil imní orainn faoi. D'fhéadfadh sé seo tionchar díobhálach a bheith aige, ní hamháin ar mhargadh bannaí na Seice, ach ar na margai eile sin de chuid na mBallstát a bhfuil leachtacht chomhchosúil acu.

Ina theannta sin, mar gheall ar an toirmeasc ar an íocaíocht i leith sreabhadh orduithe (PFOF), is ar inrochtaineacht trádála scaireanna do chliaint an Aontais is mó a chuirfidh an comhréiteach sin teorainn shuntasach. Anuas air sin, leis an toirmeasc, mar atá sé faoi láthair, coiscfear ar inmheánaitheoirí córasacha nó ar sholáthraithe leachtachta AE nó neamh-AE aon lascaine a thairiscint do mhiondíoltóirí agus do roinnt gairmithe.

Dá bhrí sin, mar thoradh ar an bhforáil seo, a áiríodh chun teorainn a chur le cleachtas amhrasach, ní dhearnadh ach srian a chur ar fhorghníomhú orduithe ar ionaid trádála AE nó neamh-AE, beag beann ar na rialacha um dhea-fhorghníomhú agus ar an gcostas a íocann gairmithe miondíola nó gairmithe áirithe.

Ar deireadh, is maith a thuigeann Poblacht na Seice na dúshlán go léir a bhí ann sular thángthas ar an gcomhréiteach seo, ó thaobh an nós imeachta de, agus ba mhór an díol sásaimh di tuilleadh plé a bheith déanta ar shaincheisteanna áirithe sa Chomhairle agus measúnú a bheith déanta i dteannta a chéile ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na réitigh a breithníodh.

Ós rud é go n-aithnímid go ndearnadh roinnt athruithe dearfacha ar an togra, agus an pictiúr mór á chur san áireamh, tá sé socraithe againn go dtacóimid leis an gcomhad.